

A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoin gceoldráma (*musical*) *Gobnait*. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí na ceistanna thíos le chéile. Líonaigí isteach an tábla **stór focal** freisin le linn na cainte.

Na focail atá agat:	Na focail ba mhaith leat a fhoghlaim:
ceoldráma naomhphátrún scríofa	<i>performance</i> <i>influence</i> <i>ability</i>

- Féach ar na pointí eolais thíos faoi Naomh Gobnait. Tá pointe amháin eolais ina measc nach bhfuil ceart. Cad é?
 - Rugadh Gobnait i gContae an Chláir sa 5ú nó sa 6ú haois.
 - Is naomhphátrún na beachaireachta í agus deirtear gur bhain sí úsáid as mil chun daoine a leigheas.
 - Tá a lá féile ar an 9 Feabhra.
 - Tá séipéal – a raibh baint aici leis – i mBaile Bhuirne, i nGaeltacht Mhúscaí, i gContae Chorcaí.
 - Is é *Deborah* an leagan Béarla dá hainm.



- Lá Idirnáisiúnta na mBan, is é sin, lá féile idirnáisiúnta a cheiliúránn an dul chun cinn sóisialta, eacnamaíochta, cultúrtha agus polaitiúil atá bainte amach ag na mná. Cén lá a bhíonn sé ar siúl?
- An ndéanann tú féin aon ní speisialta ar Lá Idirnáisiúnta na mBan? Cén fáth?

B: FOCLÓIR

1. Meaitseáil na focail Ghaeilge ar chlé leis na focail Bhéarla ar dheis.

1. lán go béal	a. created
2. léiriú	b. applause
3. curtha i láthair	c. mind
4. tionchar	d. against her
5. le freastal ar	e. landing (from a boat)
6. cruthaithe	f. full to capacity
7. ag teacht i dtír	g. performance, production
8. seasann sí dúinn	h. influence
9. bualadh bos	i. performed, presented
10. aigne	j. to attend
11. pé rud	k. whatever
12. ina coinne	l. she represents us

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12

2. Féach ar na háiteanna cáiliúla seo. Cad is brí leis an bhfocal 'Áras'? _____

Áras an Uachtaráin

Áras Ceoldrámaíochta Chorcaí

Busáras

3. Ciallaíonn 'ní fheadar' / *don't know* nó *maybe*. Cén chanúint lena mbaineann an frása, dar leat?

4. Bíonn daoine ag caint faoin **gcumas** agus faoin **gcumhacht** a bhí ag Naomh Gobnait. Cad is brí leis na focail a bhfuil cló trom orthu?

5. Conas a deirtear *in all honesty* as Gaeilge? Nod: tá an focal 'píre' sa nath cainte.



C: TUISCINT

- Féach ar an mír den chéad uair agus bain úsáid as na focail Ghaeilge faoi B: **FOCLÓIR** chun na bearnaí a líonadh sna habairtí seo:
 - Níor cheap Naomh Gobnait agus í _____ go mbeadh sí chomh hiomráiteach sin lá éigin.
 - Bhí Áras Ceoldrámaíochta Chorcaí _____ do _____ speisialta den cheoldráma *Gobnait*.
 - Ba bhean chumhachtach í Gobnait agus bhí _____ láidir aici. Lean sí ar aghaidh, _____ a tháinig _____.
 - Bhí an ceoldráma _____ agus _____ ag Cumann Léirithe Bhéal Átha an Ghaorthaidh.
 - Bhí _____ mór ag Gobnait ar shaol na Gaeltachta agus _____ sa Ghaeltacht.
 - Bhailigh slua mór le chéile i gCorcaigh _____ an gceoldráma agus fuair na haisteoirí _____ mór nuair a thit an cuirtín dearg.
- Féach ar an mír den dara huair agus léigh na ráitis thíos. Roghnaigh **fíor**, **bréagach** nó **ní deirtear**. Cuir tic ✓ sa bhosca ceart.

Na ráitis	Fíor	Bréagach	Ní deirtear
a) Bhí Áras Ceoldrámaíochta Chorcaí dubh le daoine aréir.			
b) Tá scéal an cheoldráma faoi Ghobnait agus faoin tslí ar caitheadh go holc léi sa Ghaeltacht.			
c) Níor luadh aon bhean i scríobh nó i gcruthú an cheoldráma <i>Gobnait</i> .			
d) Cuireadh an ceoldráma ar stáitse i gCathair Chorcaí ar an lá céanna le Lá Idirnáisiúnta na mBan.			
e) Ní raibh fonn ar Chumann Léirithe Bhéal Átha Ghaorthaidh an ceoldráma a léiriú i gCorcaigh.			
f) De réir na míre, thaistil Naomh Gobnait fud fad na hÉireann.			
g) Ní raibh an lucht féachana róthógtha leis an gcur i láthair.			
h) Bhí saol crua ag Gobnait agus bhí a lán daoine ina coinne.			

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (an aimsir chaite – na briathra mírialta)

a) Féach ar na briathra mírialta thíos. Líon an tábla leis an bhfoirm cheisteach san aimsir chaite de gach briathar agus leis na freagraí dearfacha agus diúltacha. Lean na samplaí:

Fréamh an bhriathair	An fhoirm cheisteach	An freagra dearfach	An freagra diúltach
Abair	An ndúirt ...?	Dúirt	Ní dúirt
Beir	Ar rug ...?		
Bí			
Clois		Chuala	
Déan			Ní dhearna
Faigh			Ní bhfuair
Feic	An bhfaca ...?		
Ith		D'ith	
Tabhair		Thug	
Tar	Ar tháinig ...?		
Téigh			Ní dheachaigh

b) Bí ag obair leis an duine in aice leat agus cuirigí ceisteanna ar a chéile faoi na topaicí thíos. Déanaigí iarracht na briathra thuas a úsáid an oiread agus is féidir.

an deireadh seachtaine seo caite	maidin inné	an dráma ab fhearr a chonaic tú	an breithlá ab fhearr a bhí agat
an lá ba mheasa a bhí agat ar scoil	an samhradh seo caite	an bronntanas ab fhearr a fuair tú	an rang Gaeilge deireanach

2: Saibhreas teanga (logainmneacha)

Cá bhfuil na háiteanna a luadh sa mhír. Cuir uimhir gach logainm in aice leis an áit chuí ar an léarscáil.



1. Maigh Eo
2. Inis Oírr
3. Gaeltacht Mhúscraí
4. Dún Chaoin
5. An Rinn

Ní gá duit a bheith an-bheacht – má tá tú in aice láimhe, tá sé sin go breá!

E: CUMARSÁID

1: Caint

a) Bí ag obair leis an duine in aice leat. Smaoinígí ar bhean a raibh tionchar mór aici ar bhur saol go dtí seo – seanmháthair, múinteoir, ceoltóir, cara, aintín, polaiteoir, srl. Cuirigí agallamh ar a chéile faoin mbean sin. Bainigí úsáid as na ceistanna thíos mar threoir. Malartaígí ról.

- ✓ Cé hí an bhean a raibh tionchar mór aici ort nuair a bhí tú níos óige?
- ✓ Conas a bhuail tú léi nó cén caidreamh a bhí agat léi?
- ✓ Cén cineál duine a bhí inti?
- ✓ Cad a d'fhoghlaim tú uaithi?
- ✓ Cad iad na cuimhní is láidre atá agat den am a chaith sibh le chéile?
- ✓ Conas a bhí tionchar aici ar do shaol?

b) Déan cur síos don rang ar an méid a dúirt an duine in aice leat faoin mbean thábhachtach ina s(h)aol. Bí cúramach! Beidh ort an chaint indíreach a úsáid. Mar shampla:

Dúirt Máire go raibh tionchar an-mhór ag a haintín uirthi nuair a bhí sí óg. Dúirt sí gur thug a haintín aire di nuair a bhí sí ina leanbh ...



2: Scríobh

Samhlaigh gur inniu Lá Idirnáisiúnta na mBan. Scríobh postáil do na meáin chumarsáide ag déanamh cur síos ar bhean a raibh tionchar mór aici ort. Déan cur síos ar a pearsantacht agus ar na cúiseanna a ndeachaigh sí i bhfeidhm ort.

3: Cad a d'fhoghlaim tú?

Líon an bosca thíos leis an stór focal nua a d'fhoghlaim tú sa rang seo. Téigh siar go dtí **A: MACHNAMH** chun an méid a scríobh tú sna boscaí sin a sheiceáil.

Na focail agus frásaí nua atá anois foghlamtha agat:

AN SCRIPT

Máire T. Ní Mhadaoin

Anois, bhí Áras Ceoldrámaíochta Chorcaí lán go béal aréir agus suas le míle duine i láthair do léiriú speisialta den cheoldráma *Gobnait*, a bhí curtha i láthair ag muintir Bhéal Átha an Ghaorthaidh agus Ghaeltacht Mhúscraí. Scéal faoi chumas agus faoi chumhacht Naomh Gobnait atá sa gceoldráma¹ agus faoin tionchar a bhí aici ar shaol na Gaeltachta.

Marian O'Flaherty

Bhailigh tuairim is míle duine ag Áras Ceoldrámaíochta Chorcaí, an *Opera House*, oíche aréir le freastal ar chur i láthair speisialta den gceoldráma² *Gobnait*, a insíonn scéal naomhphátrún Mhúscraí. Is i nGaolainn³ amháin atá an ceoldráma seo, scríofa agus cruthaithe ag Seán Óg Ó Duinnín, Alan Kiely agus Kevin Connolly agus tugtha ón Halla i mBéal Átha an Ghaorthaidh go dtí an stáitse mór i gcroílár Chathair Chorcaí oíche aréir, ar Lá Idirnáisiúnta na mBan.

Seán Óg Ó Duinnín, Stiúrthóir, léiritheoir agus comhscríbhneoir

Ag caint ar 'bhóthar', tá tú ag caint ar bhreis agus bliain is dócha, idir scríobh agus léiriú agus ullmhúchán agus ceol agus gach aon rud, agus an slua a thabhairt le chéile. Agus, tugann sé anasáil⁴ dúinne mar ghrúpa – Cumann Léirithe Bhéal Átha an Ghaorthaidh – teacht isteach anseo go dtí an chathair agus an tigh⁵ a líonadh.

Marian O'Flaherty

Ní fheadar ar chreid Naomh Gobnait agus í ag teacht i dtír go mbeadh an *Opera House* i gCathair Chorcaí díolta amach aici ar Lá Idirnáisiúnta na mBan.

Eibhlín 'Lal' Ní Lionáird, Oifigeach Pleanála Teanga, Gaeltacht Mhúscraí

Samhlaíonn tú ar Ghobnait gur bean láidir ab ea í agus seasann sí dúinn go léir sa Ghaeltacht, ceapaim féin, i ndáiríre píre. Mar thosaigh sí amach i Maigh Eo agus thaistil sí ó Mhaigh Eo síos go dtí Inis Oírr agus ansin go Dún Chaoin, ar aghaidh ansin go dtí an Rinn agus do tháinig sí ar deireadh thiar thall go dtí Gaeltacht Mhúscraí.

Marian O'Flaherty

Nuair a thit an cuirtín dearg, d'éirigh gach aon duine ina sheasamh chun bualadh bos, a bhí tuillte go maith, a thabhairt.

Nóirín Uí Thuama, Béal Átha an Ghaorthaidh

Thaispeáin sé cumhacht agus láidreacht na mná, fiú amháin san aois sin, thaispeáin sé go raibh a haighe féin aici agus lean sí ar aghaidh, pé rud a tháinig ina coinne.

Marian O'Flaherty, Nuacht TG4 i gCathair Chorcaí.

¹ Canúint Chonnacht atá ag an gcainteoir seo; mar sin, cuirtear urú seachas séimhiú ar ainmfhocail i ndiaidh 'sa'.

² Canúint na Mumhan atá ag an gcainteoir seo; mar sin, cloítear le nósanna na canúna sin maidir le réamhfhocail agus an t-alt, mar shampla, urú seachas séimhiú i ndiaidh 'den' agus 'don', agus urú ar ainmfhocail dar tús 'd' agus 't'.

³ Gaolainn = leagan canúnach de 'Gaeilge'

⁴ an-sásamh a scríobhtar sa Chaighdeán Oifigiúil

⁵ tigh = leagan canúnach de 'teach'

NÓTAÍ & FREAGRAÍ

A: MACHNAMH

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin.

An aidhm atá leis na ceisteanna/gníomhaíochtaí sa chuid seo den cheacht ná go mbeidh deis ag na foghlaimeoirí ‘machnamh’ a dhéanamh ar an méid atá ar eolas acu faoin scéal (mír nuachta) atá le teacht. Lig do na foghlaimeoirí iad féin a ullmhú don topaic trí tharraingt ar an méid atá ar eolas acu cheana féin faoin scéal, trí chur agus cúiteamh a dhéanamh lena gcomhfhoghlaimoirí agus trí mhachnamh a dhéanamh ar an stór focal atá acu agus **nach bhfuil** acu chun plé a dhéanamh ar an topaic. Iarr ar na foghlaimeoirí nóta a ghlacadh, sa tábla *stór focal*, de na focail atá acu cheana féin, ach níos tábhachtaí fós de na focail nach bhfuil acu i nGaeilge chun an topaic a phlé. Is féidir leo na focail atá in easnamh a scríobh sa tábla *stór focal* i mBéarla nó i dteanga ar bith. Ná bí buartha má théann na foghlaimeoirí i muinín an Bhéarla sa chuid seo den cheacht. Mínigh dóibh go bhfoghlaimeoidh siad go leor stór focal le linn an ranga chun an topaic a phlé ar ball. Tá sé tábhachtach béim a chur ar an méid **atá** ar eolas ag na foghlaimeoirí sa dóigh is go mbeidh siad oscailte agus dearfach faoin eispéireas foghlama atá le teacht. Beidh deis acu machnamh a dhéanamh ar an méid atá foghlamtha acu ag deireadh an ranga.

Tabhair deis dóibh na ceisteanna a phlé le chéile. Is é (c) an pointe eolais nach bhfuil cruinn. Tá a lá féile ar an 11 Feabhra.

Tá Lá Idirnáisiúnta na mBan ar an 8 Márta.

B: FOCLÓIR

1. Freagraí:

lán go béal	<i>full to capacity</i>
léiriú	<i>performance, production</i>
curtha i láthair	<i>performed, presented</i>
tionchar	<i>influence</i>
le freastal ar	<i>to attend</i>
cruthaithe	<i>created</i>
ag teacht i dtír	<i>landing (from a boat)</i>
seasann sí dúinn	<i>she represents us</i>
bualadh bos	<i>applause</i>
aighe	<i>mind</i>
pé rud	<i>whatever</i>
ina coinne	<i>against her</i>

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12
f	g	i	h	j	a	e	l	b	c	k	d

2. Féach:

áras, *m.* (*gs. & npl. -ais, gpl. ~*). **1.** Habitation, abode. ~ **na hoíche a thabhairt do dhuine**, to house s.o. for the night. **Níl teach ná ~ aige**, he has neither house nor home. ~ **na naomh**, the abode of the saints. **In ~ mo chroí**, abiding in my heart. **2.** House, building. **3.** Vessel. ~ **fuail**, chamber-pot. **Árais tí**, household vessels. **4.** (Of uterus) **In ~ an chléibh**, in the womb. **Bhí an bhó ag cur ~ an ghamhna amach**, the cow had a prolapsus (at calving).

3. Canúint na Mumhan.
4. Cumas = *ability*; cumhacht = *power*.
5. I ndáiríre píre.

C: TUISCINT

1. Freagraí:
 - Níor cheap Naomh Gobnait agus í **ag teacht i dtír** go mbeadh sí chomh hiomráiteach sin lá éigin.
 - Bhí Áras Ceoldrámaíochta Chorcaí **lán go béal** do **léiriú** speisialta den cheoldráma *Gobnait*.
 - Ba bhean chumhachtach í Gobnait agus bhí **aighe** láidir aici. Lean sí ar aghaidh, **pé rud** a tháinig **ina coinne**.
 - Bhí an ceoldráma **cruthaithe** agus **curtha i láthair** ag Cumann Léirithe Bhéal Átha an Ghaorthaidh.
 - Bhí **tionchar** mór ag Gobnait ar shaol na Gaeltachta agus **seasann sí dúinn** sa Ghaeltacht.
 - Bhailigh slua mór le chéile i gCorcaigh **le freastal ar** an gceoldráma agus fuair na haisteoirí **bualadh bos** mór nuair a thit an cuirtín dearg.
2. Freagraí:
 - a) Fíor.
 - b) Bréagach. Is scéal é atá faoi phearsantacht Ghobnait agus faoin tionchar a bhí aici ar shaol na Gaeltachta.
 - c) Fíor.
 - d) Fíor.
 - e) Bréagach. Bhí siad an-sásta é a chur i láthair i gCorcaigh.
 - f) Bréagach. Thaistil sí i gCúige Chonnacht agus i gCúige na Mumhan, de réir na míre.
 - g) Bréagach. D'éirigh siad ina seasamh nuair a chríochnaigh an ceoldráma agus fuair na haisteoirí bualadh bos mór.
 - h) Ní deirtear.

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (an aimsir chaite – na briathra mírialta)

a) Freagraí:

Fréamh an bhriathair	An fhoirm cheisteach	An freagra dearfach	An freagra diúltach
Abair	An ndúirt ...?	Dúirt.	Ní dúirt.
Beir	Ar rug ...?	Rug.	Níor rug.
Bí	An raibh ...?	Bhí.	Ní raibh.
Clois	Ar chuala ...?	Chuala.	Níor chuala.
Déan	An ndearna ...?	Rinne.	Ní dhearna.
Faigh	An bhfuair ...?	Fuair.	Ní bhfuair.
Feic	An bhfaca ...?	Chonaic.	Ní fhaca.

Ith	Ar ith ...?	D'ith.	Níor ith.
Tabhair	Ar thug ...?	Thug.	Níor thug.
Tar	Ar tháinig ...?	Tháinig	Níor tháinig.
Téigh	An ndeachaigh	Chuaigh.	Ní dheachaigh.

- b) Cleachtadh cainte é seo. Bí cinnte áfach, go bhfuil siad ag úsáid na mbriathra mírialta an oiread agus is féidir le linn na cainte.

2: Saibhreas teanga (logainmneacha)

Féach



1. Maigh Eo
2. Inis Oírr
3. Gaeltacht Mhúscraí
4. Dún Chaoin
5. An Rinn

E: CUMARSÁID

1: Caint

- a) Tabhair deis do na beirteanna na ceisteanna a chur ar a chéile. Bí ag siúl timpeall ag cuidiú leo.
- b) Iarr ar na foghlaimeoirí cur síos a dhéanamh don rang ar an méid a dúirt an duine in aice leo faoin mbean thábhachtach ina saol. Beidh an ghníomhaíocht seo dúshlánach go leor mar go mbeidh orthu an chlaoninsint a úsáid. Cuidigh leo agus iad ag caint, más gá.

2: Scríobh A

Abair leo postáil a scríobh faoin méid a phléigh siad faoi **Caint** thuas.

3: Cad a d'fhoghlaim tú?

Tabhair deis do na foghlaimeoirí nóta a dhéanamh de na rudaí nua atá foghlamtha acu. Bí cinnte go dtéann siad siar go dtí **A: Machnamh**.